**Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — Conas is féidir cúrsaí a phlé leis an spriocphobal agus éifeacht a bhaint as torthaí na hoibre a dhéanann na Painéil Saoránach?**

**(tuairim féintionscnaimh)**

(2023/C 349/11)

Rapóirtéir: **Christophe QUAREZ**

| | |
|---|---|
| Comhairliúchán | Tuairim féintionscnaimh, 23.1.2023 |
| Cinneadh ón Tionól Iomlánach | 25.1.2023 |
| Bunús dlí | Riail 52(2) de na Rialacha Nós Imeachta |
| | Tuairim féintionscnaimh |
| Rannóg atá freagrach | Fostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Saoránacht |
| Dáta a glactha sa rannóg | 21.6.2023 |
| Dáta a glactha sa seisiún iomlánach | 13.7.2023 |
| Seisiún iomlánach Uimh. | 780 |
| Toradh na vótála<br>(ar son/in aghaidh/staonadh) | 163/4/8 |

1. **Conclúidí agus moltaí**

1.1. Meabhraíonn CESE nach féidir leis an daonlathas rannpháirtíochta ach cur leis an daonlathas ionadaíoch, agus gurb é an daonlathas ionadaíoch crann taca ár gcórais pholaitiúil i gcónaí. Tá CESE den tuairim gur gá feabhas a chur ar bhonn leanúnach ar an gcaoi a n-oibríonn an daonlathas san Aontas chun muinín na saoránach as an bpolaitíocht a threisiú, go háirithe trí shásraí rannpháirtíochta agus pléiteacha a fhorbairt a mbeidh seans ag na saoránaigh páirt a ghlacadh iontu, ag tógáil ar an tsraith ionstraimí atá ag an Aontas faoi láthair. I ndáil leis sin, athdhearbhaíonn CESE gur luachmhaire i bhfad an tuairim ó chomhlachas a dhéanann ionadaíocht ar na mílte ball ná tuairim a chuireann saoránach amháin in iúl as a stuaim féin.

1.2. Tá trialacha déanta ar an daonlathas rannpháirteach le painéil saoránach forbartha i ngach Ballstát, go mór mór de thoradh na bhforbairtí ar uirlisí digiteacha. Na haighneachtaí ó phainéil na saoránach le haghaidh díospóireachtaí, is amhlaidh a bhí siad teoranta do shaincheisteanna áitiúla nó réigiúnacha ar dtús. De réir a chéile, áfach, tugadh gach réimse beartais faoina scáth sna díospóireachtaí poiblí. Sin mar a tharla in Éirinn (an pósadh comhghnéis agus an ginmhilleadh) nó sa Fhrainc (coinbhinsiún aeráide na saoránach), nó mar shampla leis an gComhdháil ar Thodhchaí na hEorpa.

1.3. Mar theallach i gcomhair na sochaí sibhialta eagraithe agus ionadaíche, tá saineolas ar leith ag CESE agus cuireann sé fóram uathúil buan ar fáil don idirphlé sibhialta, fóram ina moltar réitigh ar bhonn comhthola i measc na ngeallsealbhóirí éagsúla. Dá réir sin, ba cheart ról tábhachtach a bheith aige maidir le hionstraimí rannpháirtíochta a fhorbairt.

1.4. Ós guth seanbhunaithe na sochaí sibhialta eagraithe agus ionadaíche san Eoraip atá in CESE, ní mór é a bheith i gcroílár an phróisis chun an daonlathas rannpháirteach a neartú sna hinstitiúidí Eorpacha. Tá sé beartaithe, dá bhrí sin, leas a bhaint as an tástáil chun raon na n-ionstraimí rannpháirtíochta is féidir le CESE a úsáid, e.g. na painéil saoránach, in obair chomhairliúcháin an Choiste a chinneadh. Sa chás seo, beidh gá le Rialacha Nós Imeachta CESE a leasú chun an cur chuige sin a chur san áireamh.

1.5. Mar chuid den mhachnamh sin, d'fhéadfadh CESE staidéar a dhéanamh ar an ról nua atá aige saineolas a fhorbairt maidir le gach saincheist a bhaineann le rannpháirtíocht na saoránach agus leis an daonlathas rannpháirtíochta. Go háirithe, d'fhéadfadh Biúró CESE cinntí a dhéanamh maidir le saincheisteanna amhail an raon feidhme agus an mhodheolaíocht chun páirt a thabhairt do na painéil saoránach in obair CESE, chomh maith leis na hábhair a rachaidh siad i gcomhairle leis na painéil saoránach fúthu. Measann CESE gur rud úsáideach a bheadh ann smaoineamh ar mheitheal ar leith a chur ar bun chun aon nósanna imeachta a theastódh a shocrú, ar choinníoll go mbeidh na hacmhainní buiséid ar fáil agus tar éis plé agus cinneadh a bheith déanta ag Biúró CESE ina leith ([1]). D'fhéadfadh an mheitheal sin obair a dhéanamh, mar shampla, ar shaincheisteanna amhail:

— an nós imeachta maidir leis na painéil sin a chomhtháthú in obair CESE;

([1]) Faoi mar a tugadh chun suntais i staidéar CESE, 'CESE a bheith ina éascaitheoir agus ina ráthóir ar ghníomhaíochtaí an daonlathais rannpháirtigh, lena n-áirítear an t-idirphlé struchtúrtha le heagraíochtaí na sochaí sibhialta agus le painéil saoránach' (2023), ba cheart am, acmhainní agus aird a thabhairt d'aon chineál nua gníomhaíochta de chuid CESE atá á déanamh i ndáil leis an daonlathas rannpháirteach, agus ba cheart an méid sin a bheith éifeachtach.

— na critéir maidir le hábhair chomhairliúcháin na bpainéal saoránach a chinneadh, trína n-áiritheofar go mbeidh saincheisteanna cothrománacha a bhfuil leas sochaíoch níos ginearálta ag baint leo san áireamh;

— an buiséad agus na hacmhainní daonna is gá a chuardach;

— na sonraíochtaí maidir le roghnú randamach agus an t-ardán digiteach;

— modh agus eagrú na ndíospóireachtaí ionas gur féidir leis na painéil saoránach agus le comhaltaí CESE plé iomlán a dhéanamh le chéile;

— na téarmaí tagartha a shocrú lena gcinnfear conas a chuirfear torthaí na gcomhairliúchán san áireamh sna tuairimí;

— na coinníollacha agus an t-amchlár i gcomhair na tréimhse píolótaí.

1.6. Thar aon ní eile, tá CESE tiomanta don ghné phléiteach de na painéil saoránach a bheadh rannpháirteach ina chuid oibre, mar chomhlánú ar an mbosca uirlisí rannpháirtíochta atá ag an Aontas faoi láthair d'fhonn an bosca uirlisí sin a shaibhriú.

## 2. **An gá atá le hathnuachan ar an daonlathas**

2.1. Is é córas an daonlathais ionadaíoch atá i bhfeidhm i mbeagnach gach ceann de shochaithe na hEorpa. Is córais ionadaíocha iad toisc gur ar thoghcháin trí bhíthin vótáil choiteann dhíreach go príomha atá an modh chun lucht rialtais a roghnú bunaithe, lena n-áirítear toghcháin pharlaiminteacha ach freisin toghcháin uachtaránachta.

2.2. Is ag dul i méid atá easpa muiníne na saoránach as na polaiteoirí agus as gníomhaíocht na bpolaiteoirí san Eoraip san 21ú haois, rud atá ag tarlú ar leibhéil éagsúla sna tíortha éagsúla. Mar a léiríodh i gcás Brexit, is cosúil go bhfuil méadú ag teacht ar líon na ndeacrachtaí a bhíonn ag seandaonlathais agus daonlathais nua na hEorpa déileáil le géarchéimeanna amhail paindéim COVID-19 d'aon ghuth. I measc samplaí eile de na deacrachtaí seo, tá gluaiseachtaí agóide na 'Indignés' agus na 'Gilets jaunes', ag briseadh dóibh le nósanna an daonlathais institiúidigh, agus sampla eile fós is ea teacht chun cinn an phoblachais fhorlámhaigh. Rud eile, réabhlóid na dteicneolaíochtaí nua sin rud ba spreagadh don dí-idirghabháil agus do dhírialú an chaidrimh pholaitiúil.

2.3. Tá trí tháscaire oibiachtúla ann le tomhas a dhéanamh ar an gcúlú daonlathach atá á thuar de dheasca ghéarchéim na dlisteanachta daonlathaí san Eoraip: an méadú ar an staonadh ón vótáil; méadú ar luaineacht sna rátaí vótála; an titim i líon na mball sna páirtithe polaitíochta. Is comhlánú ar na táscairí oibiachtúla sin atá i dtáscairí suibiachtúla – creimeadh na muiníne as institiúidí poiblí, cuir i gcás.

2.4. Dá bhrí sin, tá CESE den tuairim gur gá feabhas a chur ar shásraí an daonlathais chun muinín na saoránach as an bpolaitíocht a threisiú athuair. Ciallaíonn sé sin, thar aon ní eile, nach mór aiseag beatha a thabhairt don daonlathas ionadaíoch, ós é is bonn dár gcóras polaitiúil.

2.5. Is féidir le socruithe rannpháirtíochta nó pléiteacha cuidiú leis an nasc idir saoránaigh agus ionadaithe a neartú ionas go bhféadfaidh siad a gcuid freagrachtaí féin a chur i bhfeidhm.

2.6. Cuireann CESE in iúl, áfach, go bhfuil sé de shaoirse ag gach saoránach a bheith rannpháirteach sa daonlathas ionadaíoch trí dhul isteach i bpáirtí polaitiúil, i gceardchumann nó i gcomhlachas dá rogha féin. Dá bhrí sin, is í an tsaoirse sin an ghné is tábhachtaí den daonlathas.

## 3. **An gá rannpháirtíocht na saoránach a institiúidiú?**

3.1. Tá méadú as cuimse tagtha ar líon na scéimeanna rannpháirtíochta san Eoraip, áit a ndearnadh na mílte turgnamh, ar an leibhéal áitiúil nó réigiúnach ar dtús, go háirithe le buiséid rannpháirtíochta, agus ansin maidir le hábhair chomhshaoil, shochaíocha nó institiúideacha ar an leibhéal réigiúnach nó ar an leibhéal náisiúnta.

3.2. Ní struchtúir áitiúla amháin a ndéantar institiúidiú orthu i ndlíthe agus i rialacháin cuid mhór tíortha, ach i gcás scéimeanna atá níos nuálaí freisin.

3.3. Is amhlaidh atá an scéal sa Bheilg, áit ar cruthaíodh faoin dlí sa Bhruiséil buanchomhairlí saoránach a roghnaíodh go randamach. Sin mar a tharla in Éirinn freisin, áit ar cuireadh an pósadh dleathach comhghnéis agus ginmhilleadh ar fáil a bhuíochas le tionóil saoránach, sin agus reifrinn i gcásanna áirithe, nó sa Fhrainc áit ar eagraíodh coinbhinsiún saoránach chun ceisteanna ar nós na haeráide agus deireadh ré na saoránach a phlé.

3.4. Ar an leibhéal Eorpach, ba í an Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa an sampla is mó inar cleachtadh an daonlathas rannpháirteach agus dioscúrsach go dtí seo, nuair a eagraíodh ceithre Phainéal Saoránach Eorpach chun deis a thabhairt do shaoránaigh machnamh a dhéanamh i dteannta a chéile ar an todhchaí atá uathu san Aontas Eorpach. Bhí CESE rannpháirteach sa tionscnamh seo go foirmiúil. Is díol sásaimh dó go bhfuil meastóireacht chuimsitheach á déanamh ar an treoirthionscadal seo ionas gur féidir ceachtanna a fhoghlaim maidir le conas tionscnaimh a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo a fheabhsú.

3.5. Is oth le CESE go háirithe an easpa poiblíochta a tugadh don chomhdháil seo sna Ballstáit, is oth leis a laghad spéis a cuireadh inti, agus is oth leis nach raibh cuspóirí na comhdhála soiléir.

3.6. Sa tuarascáil deiridh ón gComhdháil ar Thodhchaí na hEorpa ([2]), is é a dhéantar le togra 36 maidir le faisnéis agus rannpháirtíocht na saoránach agus le togra 39 maidir le próiseas cinnteoireachta an Aontais go dtugtar sainordú soiléir do CESE a ról institiúideach a neartú ó thaobh struchtúir de mar ráthóir agus mar éascaitheoir ar ghníomhaíochtaí daonlathais rannpháirtíochta, amhail idirphlé struchtúrtha le heagraíochtaí na sochaí sibhialta agus le painéil saoránach. Ó thaobh na n-institiúidí de, is maith atá CESE in ann ról a imirt maidir leis an daonlathas rannpháirtíochta a fheabhsú, agus é ag gníomhú go comhleanúnach agus go cuimsitheach.

3.7. Tá rogha mhór ionstraimí rannpháirtíochta Eorpacha ag an Aontas, lena n-áirítear, mar shampla, toghcháin Pharlaimint na hEorpa, an Comhphlé leis na Saoránaigh agus an Tionscnamh ó na Saoránaigh, Achainíocha a chur os comhair Pharlaimint na hEorpa, agus an tOmbudsman Eorpach. Thairis sin, agus tionscnaimh reachtacha á n-ullmhú aige, reáchtálann an Coimisiún comhairliúcháin phoiblí d'fhonn deis a thabhairt do na páirtithe leasmhara – na saoránaigh san áireamh – a dtuairimí a nochtadh ar ábhar ar leith. Tá an comhairliúchán poiblí fréamhaithe sna Treoirlínte atá ag an gCoimisiún maidir leis an reachtóireacht níos fearr agus déantar an comhairliúchán sin ar an tairseach 'Cloisimis uait' atá ag an gCoimisiún.

3.8. Tá an **Tionscnamh ó na Saoránaigh**, rud a cuireadh ar bun in 2012, ar cheann de phríomhnuálaíochtaí an daonlathais rannpháirtíochta ar leibhéal an Aontais. Tugann sé cead do ghrúpa saoránach saincheist a chur ar chlár oibre na gcomhlachtaí reachtacha Eorpacha.

3.9. Fós féin, na ceithre Thionscnamh ó na Saoránaigh ar éirigh leo an milliún síniú a bhailiú a bhí de dhíth ionas go dtabharfadh an Coimisiún Eorpach toradh orthu, is tionscnaimh iad nach raibh acu ach tionchar measartha teoranta, agus glacadh tograí reachtacha mar obair leantach ar na tionscnaimh 'Right2Water' agus 'Ban glyphosate', agus glacadh moladh do 2023 chun cosc a chur ar ainmhithe a choinneáil faoi ghlas i gcásanna. Dar le CESE, níl an Tionscnamh ó na Saoránaigh ag feidhmiú ar an dóigh a rabhthas ag súil leis agus ba cheart, dá bhrí sin, é a leasú, is dócha, agus ba cheart do CESE a bheith rannpháirteach sa phróiseas sin.

3.10. Tá rannpháirtíocht na saoránach á neartú ag na hardáin dhigiteacha. De thairbhe an idirlín, is féidir an tsochaí shibhialta a rannpháirtiú ar scála mór agus ról a thabhairt do ghrúpaí poiblí nach raibh an deis acu a bheith rannpháirteach ina leithéid de phróiseas cheana, go háirithe an t-aos óg.

3.11. Mar sin féin, cé go gcuidíonn an digitiú le raon feidhme na rannpháirtíochta a éascú agus a leathnú, is rud é a bhfuil teorainn leis freisin. Is féidir tuairimí a bhailiú trí chomhairliúcháin ar líne, ach ní fóram oiriúnach é i gcónaí nuair atá ceisteanna le plé.

3.12. Ionas go bhféadfar painéil saoránach inbhuanaithe a chruthú sna blianta amach romhainn, tá gá le gné láidir ar líne – rud tábhachtach don phlé trasnáisiúnta chun go mbeidh an líon is mó saoránach agus is féidir rannpháirteach ann. Bunaithe ar an taithí agus ar na ceachtanna a foghlaimíodh ó ardán ilteangach na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa, tá sé beartaithe ag CESE ardán ar líne/aip ilteangach níos fearr a chruthú. D'fhágfadh sin go mbeadh i bhfad níos mó rannpháirtíochta ann ná mar is féidir a dhéanamh trí imeachtaí ar an láthair, ar choinníoll go mbeadh an uirlis ar líne so-rochtana ag an oiread saoránach agus is féidir. Is uirlis thábhachtach atá sna himeachtaí ar an láthair freisin agus is comhlánú ar an gcomhairliúchán ar líne iad. Mar sin féin, ba cheart iad a theorannú do líon measartha daoine agus a bheith an-dírithe ar ábhair reatha ar díol spéise ag raon leathan daoine iad. Ba cheart méid leormhaith acmhainní a leithdháileadh le go bhféadfar ardán digiteach úrscothach den sórt sin a chruthú ([3]).

3.13. Is éard is dóigh le CESE go bhfuil ceist le cur maidir le hionadaíocht agus saineolas rannchuidithe na saoránach sa díospóireacht phoiblí. An ionann an tuairim ó chomhlachas a dhéanann ionadaíocht ar na mílte ball agus an tuairim a chuireann saoránach amháin in iúl as a stuaim féin?

3.14. Meabhraíonn CESE go n-eascraíonn breisluach a chuid tuairimí agus moltaí as comhthoil a chruthú i measc eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus as naisc a chruthú idir leasanna éagsúla eagraíochtaí éagsúla na sochaí.

([2]) Féach an Tuarascáil ar Thoradh Deiridh na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa.

([3]) Faoi mar a tugadh chun suntais i staidéar CESE, 'CESE a bheith ina éascaitheoir agus ina ráthóir ar ghníomhaíochtaí an daonlathais rannpháirtigh, lena n-áirítear an t-idirphlé struchtúrtha le heagraíochtaí na sochaí sibhialta agus le painéil saoránach' (2023), is léir an t-éileamh ar an digitiú. Ba cheart, áfach, acmhainní a leithdháileadh ionas go mbeidh rannpháirtíocht fhisiciúil ar chumas na ndaoine fós.

3.15. Na téarmaí tagartha a eascraíonn as an gcomhairliúchán leis na saoránaigh, is téarmaí iad a chaithfidh a bheith soiléir. I gcás CESE, ba ríthábhachtach a shoiléiriú go luath sa phróiseas conas a dhéanfar an rannchuidiú a iarradh a chomhtháthú sa chinnteoireacht.

3.16. Tá gá le sásra aiseolais chun dlisteanacht an phróisis sin a áirithiú agus rannpháirtíocht na saoránach a chinntiú iarbhír. Sin an fáth a bhfuil sé chomh tábhachtach go mbunódh an Coimisiún Eorpach sásra chun faireachán a dhéanamh ar na moltaí a dhéanann na saoránaigh. Is trí scórchlár de mholtaí beartais a chruthú ba cheart é sin a dhéanamh, agus an méid sin a úsáid chun an obair leantach ar na tograí a chinneadh, faoi mar a d'iarr Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ag an gComhdháil ar Thodhchaí na hEorpa.

3.17. Ba cheart breathnú ar CESE mar ionstraim thábhachtach chun an easpa daonlathais san Aontas a laghdú, chun bearnaí a dhúnadh agus chun féiniúlacht pholaitiúil na hEorpa a chur chun cinn i measc a chuid saoránach.

## 4. **Ról Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa maidir le comhairliúchán na saoránach a eagrú**

4.1. An fhoráil in Airteagal 11 CAE don 'idirphlé oscailte, trédhearcach, tráthrialta' a choimeád 'ar siúl le comhlachais ionadaíocha agus leis an tsochaí shibhialta', is foráil í ba cheart a chur chun feidhme go hiomlán i réimsí beartais uile an Aontais.

4.2. In imeacht na mblianta, neartaigh CESE tionscnaimh agus seasamh na saoránach, agus chuir sé le foilse a gcuid iarrachtaí in obair laethúil na n-institiúidí. Tá comhdháil ardleibhéil ar Lá an Tionscnaimh ó na Saoránaigh á heagrú ag CESE gach bliain ó bunaíodh é. Bunaíodh Grúpa *ad hoc* an Tionscnaimh ó na Saoránaigh chun treoir pholaitiúil a chur ar fáil maidir le tionscnaimh ó na saoránaigh agus chun faireachán a dhéanamh ar fhorbairtí sa réimse sin.

4.3. Cuireann CESE faisnéis ar fáil freisin ar chearta na saoránach. Is foinse mhór eolais don phobal i gcoitinne é an foilseachán 'An Pas Eorpach um Dhaonlathas', foilseachán a dháiltear go forleathan, rud a dhéantar a chur i láthair agus a úsáid ag imeachtaí éagsúla a eagraíonn institiúidí an Aontais Eorpaigh agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta.

4.4. Ba cheart ról institiúideach CESE a fheabhsú agus é a chumasú mar ionadaí aitheanta na sochaí sibhialta eagraithe lena chomhairle a roinnt mar chuid de phróiseas ceaptha beartas an Aontais agus freisin mar éascaitheoir agus ráthóir gníomhaíochtaí daonlathais rannpháirtíochta amhail idirphlé struchtúrtha le heagraíochtaí na sochaí sibhialta agus le painéil saoránach. Is gné ríthábhachtach de shaol daonlathach an Aontais Eorpaigh é sochaí shibhialta bhríomhar a bheith ann.

4.5. Mar theallach i gcomhair na sochaí sibhialta eagraithe, tá saineolas ar leith ag CESE agus cuireann sé fóram uathúil buan ar fáil don idirphlé sibhialta, fóram ina moltar réitigh ar bhonn comhthola i measc na ngeallsealbhóirí éagsúla. Is iad a n-eagraíocht féin a thugann sainorduithe do na comhaltaí.

4.6. Mar gheall ar an taithí a fuarthas le linn na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa tá ardú meanman ann agus iarrann CESE ar na hinstitiúidí Eorpacha bearta leantacha iomchuí a chur ar fáil maidir leis an gcomhairliúchán sin.

4.7. Tá CESE tiomanta don ghné phléiteach de na painéil saoránach a bheadh rannpháirteach ina chuid oibre, mar chomhlánú ar na comhairliúcháin ar líne a dhéanann an Coimisiún Eorpach, rud atá ina uirlis luachmhar ach nach gceadaíonn díospóireacht dhíreach i measc na ngeallsealbhóirí a bhíonn ag rannchuidiú leis.

4.8. Tugtar le fios i bhforógra Uachtarán CESE go gcuirfear painéil saoránach ar bun roimh thoghcháin Pharlaimint na hEorpa in 2024, agus go mbeidh ionchur ag na painéil sin i rún leathan a ullmhóidh na rannóga uile in CESE le chéile ina mbeidh na rudaí is tábhachtaí atá CESE ag éileamh ar an bParlaimint nua agus ar an gCoimisiún nua.

4.9. Ina theannta sin, mar chuid de Thimthriall Idirphlé 2023 an Ghrúpa Idirchaidrimh in CESE, bunaítear meitheal dar teideal 'Painéil Saoránach' mar chuid den idirphlé téamach rialta idir comhaltaí CESE agus eagraíochtaí sochaí sibhialta an Ghrúpa Idirchaidrimh an Ghrúpa Idirchaidrimh ábhartha, mar atá beartaithe i straitéis chumarsáide 2022-2027 an Choiste. Is é an toradh a bheidh ar an idirphlé sin páipéar machnaimh a d'fhéadfadh cur le tionscnaimh áirithe de chuid CESE atá dírithe ar rannpháirtíocht na saoránach.

4.10. Mar chuid den mhachnamh sin, d'fhéadfadh CESE staidéar a dhéanamh ar an ról nua atá aige a shaineolas a fhorbairt tuilleadh maidir le gach ábhar a bhaineann le rannpháirtíocht na saoránach agus leis an daonlathas rannpháirtíochta. Go háirithe, is é Biúró CESE an comhlacht a d'fhéadfadh cinntí a dhéanamh maidir le saincheisteanna amhail an raon feidhme agus an mhodheolaíocht chun páirt a thabhairt do na painéil saoránach in obair CESE, chomh maith leis na hábhair a rachaidh sé i gcomhairle leis na painéil saoránach ina dtaobh.

4.11. Ní mór cistiú sonrach, acmhainní daonna agus uirlis dhigiteach a leithdháileadh ar CESE chun deileáil leis an bhfreagracht nua sin.

4.12. Ba cheart na nithe seo a leanas a shainiú sna rialacha nós imeachta is infheidhme maidir leis an sampla den phobal a roghnaíodh go randamach: modh oibre, an chumarsáid agus an caidreamh leis na meáin, an caidreamh idir CESE nó an oiliúint ábhartha a chuirtear air i gcomhair na hoibre, sin agus an sampla poiblí.

4.13. Measann CESE gur rud úsáideach a bheadh ann smaoineamh ar mheitheal ar leith a chur ar bun chun aon nósanna imeachta a theastódh a shocrú, ar choinníoll go mbeidh na hacmhainní buiséid ar fáil agus tar éis plé agus cinneadh a bheith déanta ag Biúró CESE ina leith ([4]). D'fhéadfadh an mheitheal sin obair a dhéanamh, mar shampla, ar shaincheisteanna amhail:

— an nós imeachta maidir leis na painéil sin a chomhtháthú in obair CESE;

— na critéir maidir le hábhair chomhairliúcháin na bpainéal saoránach a chinneadh, trína n-áiritheofar go mbeidh saincheisteanna cothrománacha a bhfuil leas sochaíoch níos ginearálta ag baint leo san áireamh;

— na sonraíochtaí maidir le roghnú randamach agus an t-ardán digiteach;

— an buiséad agus na hacmhainní daonna agus teicniúla is gá a chuardach;

— modh agus eagrú na ndíospóireachtaí ionas gur féidir leis na painéil saoránach agus le comhaltaí CESE plé iomlán a dhéanamh le chéile;

— na téarmaí tagartha a shocrú lena gcinnfear conas a chuirfear torthaí na gcomhairliúchán san áireamh sna tuairimí;

— rogha an oibreora a eagróidh crannchur ainmneacha na ndaoine ach cead a fháil uathu;

— na coinníollacha agus an t-amchlár i gcomhair na tréimhse píolótaí.

An Bhruiséil, an 13 Iúil 2023.

*Uachtarán*
*Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa*
Oliver RÖPKE

([4]) Faoi mar a tugadh chun suntais i staidéar CESE, 'CESE a bheith ina éascaitheoir agus ina ráthóir ar ghníomhaíochtaí an daonlathais rannpháirtigh, lena n-áirítear an t-idirphlé struchtúrtha le heagraíochtaí na sochaí sibhialta agus le painéil saoránach' (2023), ba cheart am, acmhainní agus aird a thabhairt d'aon chineál nua gníomhaíochta de chuid CESE atá á déanamh i ndáil leis an daonlathas rannpháirteach, agus ba cheart an méid sin a bheith éifeachtach.